



BEARTAS FUINNIMH: PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

I measc na ndúshlán atá roimh AE i réimse an fhuinnimh tá saincheisteanna amhail spleáchas méadaitheach ar allmhairí, éagsúlú teoranta, praghsanna fuinnimh arda agus luaineacha, méadú ar éileamh domhanda ar fhuinneamh, rioscaí slándála a dhéanann difear do thíortha táirgíochta agus do thíortha idirthurais, bagairtí méadaitheacha an athraithe aeráide, dul chun cinn mall maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, dúshlán a bhaineann leis an sciar méadaitheach d'fhoinsí in-athnuaite, agus an gá le níos mó trédhearcachta, le tuilleadh comhtháthaithe agus le hidirnascadh i margaí fuinnimh. Tá bearta éagsúla i gcoirílár bheartas fuinnimh AE a bhfuil sé mar aidhm leo margadh comhtháite fuinnimh, slándáil an tsoláthair fuinnimh agus earnáil inbhuanaithe fuinnimh a bhaint amach.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Forálacha sonracha:

- Slándáil an tsoláthair: Airteagal 122 CFAE;
- Líonraí fuinnimh: Airteagail 170-172 CFAE;
- Gual: Soiléirítear i bPrótacal 37 na hiarmhairtí airgeadais a bhí mar thoradh ar Chonradh CEGC a dhul in éag in 2002;
- Fuinneamh núicléach: tá an Conradh ag Bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Conradh Euratom) ina bhunús dlí d'fhormhór ghníomhaíochtaí sin AE i réimse an fhuinnimh núicléigh.

Forálacha eile lena ndéantar difear don bheartas fuinnimh:

- An margadh inmheánach fuinnimh: Airteagal 114 CFAE;
- Beartas seachtrach fuinnimh: Airteagail 216-218 CFAE.

CUSPÓIRÍ

De réir an Aontais Fuinnimh (2015), is iad seo a leanas cúig phríomhaidhm bheartas fuinnimh AE:

- feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh agus idirnascadh gréasán fuinnimh a áirithiú;
- slándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas a áirithiú;



- éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilt fuinnimh a chur chun cinn;
- an geilleagar a dhícharbónú agus dul chun cinn a dhéanamh ionsar gheilleagar ísealcharbóin i gcomhréir le Comhaontú Pháras;
- forbairt cineálacha fuinnimh nua agus in-athnuaite a chur chun cinn chun spriocanna an athraithe aeráide a ailíniú agus a chomhtháthú níos fearr san eagar nua margaidh;
- taighde, nuálaíocht agus iomaíochas a chur chun cinn.

Faoi Airteagal 194 CFAE, tá roinnt réimsí den bheartas fuinnimh roinnte i réimsí ó thaobh iniúlachta de, rud a léiríonn gluaiseacht i dtreo comhbheartas fuinnimh. Mar sin féin, tá sé de cheart ag gach Ballstát 'na coinníollacha maidir lena acmhainní fuinnimh a shaothrú, a rogha idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh a chinneadh' (Airteagal 194(2)).

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Creat beartais ginearálta

Is é is bunús leis an gclár oibre beartais reatha ná an beartas cuimsitheach comhtháite aeráide agus fuinnimh a ndearna an Chomhairle Eorpach é a ghlacadh an 24 Deireadh Fómhair 2014, a bhfuil sé mar aidhm leis an méid seo a leanas a bhaint amach faoi 2030:

- laghdú de 40% ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéal 1990;
- ardú go 27% de sciar an fhuinnimh in-athnuaite sa tomhaltas fuinnimh;
- feabhas de 20% i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh, d'fhonn feabhas de 30% a bhaint amach;
- Idirnascadh 15% ar a laghad de chórais leictreachais AE.

An 30 Samhain 2016, mhol an Coimisiún an 'Pacáiste Fuinnimh Ghlain do Gach Eorpach' ([COM\(2016\)0860](#)), agus é mar aidhm leis iomaíocht an Aontais Eorpaigh a chaomhnú tráth a bhfuil athrú ag teacht ar mhargaí fuinnimh domhanda mar gheall ar an aistriú go fuinneamh glan. Tá ocht dtogra reachtacha sa phacáiste lena gcumhdaítear rialachas, dearadh an mhargaidh leictreachais (an Treoir maidir le Leictreachas, an Rialachán maidir le Leictreachas agus an Rialachán maidir le hUllmhacht i gcomhair Riosca), éifeachtúlacht fuinnimh, feidhmíocht an fhuinnimh i bhfoirgnimh, fuinneamh inathnuaite agus rialacha don rialtóir, an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh.

Rinne an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh, mar chuid den phacáiste dar teideal 'Fuinneamh glan do mhuintir na hEorpa ar fad', a chur ar aghaidh an 30 Samhain 2016. Glacadh an tuarascáil sa suí iomlánach an 17 Eanáir 2018 maille le sainordú i gcomhair caibidlíochtaí idirinstiúideacha. Thángthas ar chomhaontú sealadach an 20 Meitheamh 2018. Ghlac an Pharlaimint an comhaontú sin an 13 Samhain agus ghlac an Chomhairle é an 4 Nollaig 2018 (Rialachán (AE) 2018/1999).



De réir an Rialacháin, ní mór do gach Ballstát ‘plean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide’ a thíolacadh faoin 31 Nollaig 2019 agus gach 10 mbliana dá éis sin. Sna straitéisí náisiúnta fadtéarmacha sin, leagfar síos fíis beartais don bhliain 2050, ní a áiritheoidh go ndéanfaidh na Ballstáit spriocanna Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh. Sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide sin, beidh spriocanna náisiúnta, ranníocaíochtaí, beartais agus bearta do gach ceann de na cúig ghné den Aontas Fuinnimh: dícharbónú, éifeachtúlacht fuinnimh, slándáil fuinnimh, an margadh inmheánach fuinnimh, agus taighde, nuálaíocht agus iomaíochas.

B. An Margadh Inmheánach Fuinnimh a chomhlánú

Is iad an Tríú Pacáiste Fuinnimh, an Rialachán maidir le treoirlínte do bhonneagar fuinnimh tras-Eorpach (Rialachán (AE) Uimh. 347/2013), an Rialachán maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Fuinnimh (Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011), an Treoir maidir le Leictreachas ([COM\(2016\) 0864](#)), an Rialachán maidir le Leictreachas ([COM\(2016\) 0861](#)) agus an Rialachán maidir le hUllmhacht i gcomhair Riosca ([COM\(2016\) 0862](#)) roinnt de na príomhionstraimí reachtacha a bhfuil sé mar aidhm leo rannchuidiú le feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (féach bileog eolais [2.1.9](#) maidir leis an margadh inmheánach fuinnimh).

C. Borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh

Cloch choirnéil bheartas éifeachtúlachta fuinnimh AE is ea Treoir 2012/27/AE an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, a bhfuil sé mar aidhm léi na Ballstáit a dhíríú athuair ar spriocanna 2020 a bhaint amach. I mí na Samhna 2016, mhol an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar Threoir 2012/27/AE ([COM\(2016\) 0761](#) agus [COM\(2016\) 0765](#)), chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh nua a atreisiú, chun dlús a chur leis an athchóiriú ar fhoirgnimh atá cheana ann chun iad a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh, agus chun lántairbhe a bhaint as acmhainneacht ollmhór gnóthachan éifeachtúlachta fuinnimh san earnáil tógála (féach bileog eolais [2.4.8](#) maidir le héifeachtúlacht fuinnimh).

D. An leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní dúchasacha fuinnimh AE (lena n-áirítear acmhainní in-athnuaite).

Ceann de na tosaíochtaí a comhaontaíodh ag an gComhairle Eorpach i mí Bealtaine 2013 ba ea éagsúlacht sholáthar fuinnimh AE a threisiú agus acmhainní áitiúla fuinnimh a fhorbairt chun slándáil an tsoláthair a áirithiú agus spleáchas ar fhuinneamh seachtrach a laghdú. Maidir le foinsí inathnuaite fuinnimh, le Treoir 2009/28/CE an 23 Aibreán 2009 tugadh isteach sprioc de 20% atá le baint amach faoi 2020, agus mhol an Coimisiún sprioc de 27% ar a laghad faoi 2030 i dTreoir athbhreithnithe maidir le fuinneamh in-athnuaite ([COM\(2016\) 0382](#)) (féach bileog eolais [2.4.9](#) maidir le héifeachtúlacht fuinnimh).

E. Neartú a dhéanamh ar an gcaidreamh seachtrach i ndáil le fuinneamh

Rinneadh an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘Maidir le slándáil an tsoláthair fuinnimh agus comhar idirnáisiúnta — beartas fuinnimh AE: ag obair le comhpháirtithe lastall dár dteorainneacha’ ([COM\(2011\) 0539](#)) a ghlacadh an 7 Meán Fómhair 2011, agus é mar chuspóir léi tuilleadh comhair trasteorann idir AE agus na tíortha máguaird a chur chun cinn agus limistéar rialála níos leithne a chruthú trí mhalartú faisnéise



rialta maidir le comhaontuithe idir-rialtasacha agus trí chomhar sna réimsí seo a leanas: iomaíocht, sábháilteacht, rochtain ar líonra agus slándáil an tsoláthair. Ar a bhonn sin, an 25 Deireadh Fómhair 2012, glacadh an cinneadh mar le sásra malartaithe faisnéise a bhunú maidir le comhaontuithe idir-rialtasacha idir na Ballstáit agus tríú tíortha i réimse an fhuinnimh ([T7-0343/2012](#)).

F. Slándáil an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú

I bhfianaise a rithábhachtaí atá gás agus ola do shlándáil sholáthar fuinnimh AE, ghlac AE roinnt beart chun a áirithiú go ndéantar measúnuithe rioscaí agus go bhforbraítear pleananna um ghníomhaíocht choisctheach agus pleananna éigeandála. An 20 Deireadh Fómhair 2010, glacadh Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 i ndáil le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú, agus é mar aidhm leis treisiú le sásraí um ghéarchéimeanna a chosc agus a fhreagairt. Faoi Threoir 2009/119/CE, tá ceangal ar na Ballstáit stoic íosta ola a choinneáil, a chomhfhreagraíonn do 90 lá de mheán-allmhairiú laethúil nó 61 lá de thomhaltas laethúil intíre, cibé acu is mó ó thaobh na cainníochta de. Tá sé molta ag an gCoimisiún go ndéanfaí raon feidhme Threoir 2009/73/CE (an Treoir maidir le Gás) a leathnú go píblínite go tríú tíortha agus ó thríú tíortha, lena n-áirítear píblínite atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ([COM\(2017\) 0660](#)).

Mar fhreagairt ar an ngéarchéim san Úcráin, déantar foráil i Rialachán 2017/1938 maidir le comhar réigiúnach feabhsaithe, pleananna réigiúnacha um ghníomhaíocht choisctheach agus pleananna éigeandála réigiúnacha, agus sásra dlúthpháirtíochta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú.

G. Tionscadail taighde, forbartha agus léirithe

Is é clár Fís 2020 (H2020), faoina gcumhdaítear an tréimhse 2014 go 2020, príomhuirlis AE le haghaidh taighde fuinnimh a chur chun cinn. Tá cistí curtha ar leataobh chun tacú le fuinneamh glan, slán agus éifeachtúil a fhorbairt agus chun tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe agus is comhionann le EUR 5,931 milliún na cistí sin.

Is é is aidhm don Phlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh (Plean SET), a ndearna an Coimisiún é a ghlacadh an 22 Samhain 2007, ná dlús a chur le teicneolaíochtaí fuinnimh éifeachtúla agus teicneolaíochtaí ísealcharbóin a ghlacadh agus a thabhairt isteach ar an margadh. Cuirtear bearta chun cinn sa phlean chun cabhrú le AE a bheith in ann forbairt a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí a bhfuil gá leo chun a chuspóirí polaitiúla a bhaint amach agus, ag an am céanna, chun a áirithiú go mbeidh cuideachtaí AE in ann tairbhe a bhaint as na féidearthachtaí a bheidh ann mar gheall ar chur chuige nua i leith an fhuinnimh. Sa teachtaireacht ón gCoimisiún (C(2015)6317) dar teideal 'I dtreo Plean SET atá comhtháite: Dlús a chur leis an gClaochlú ar Chóras Fuinnimh na hEorpa', rinneadh meastóireacht ar Phlean SET agus thángthas ar an tátal gur cheart 10 ngníomhaíocht a chur i bhfeidhm chun dlús a chur leis an gclaochlú ar an gcóras fuinnimh agus chun poist agus fás a chruthú.

Sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Teicneolaíochtaí Fuinnimh agus Nuálaíocht' ([COM\(2013\) 0253](#)), a foilsíodh an 2 Bealtaine 2013, leagtar amach straitéis lena gcuirtear ar chumas AE earnáil teicneolaíochta agus nuálaíochta den chéad scoth



a bhaint amach, ar earnáil í lena mbeifear in ann dul i ngleic leis na dúshláin go dtí an bhliain 2020 agus ina diaidh.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá sé tugtha le fios riamh ag an bParlaimint go dtacaíonn sí go láidir le comhbheartas fuinnimh ina dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le hiomaíochas, le slándáil agus le hinbhuanaitheacht. Tá sé iarrtha go mion minic aici go mbeadh comhleanúnachas, diongbháilteacht, comhar agus dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin atá ann faoi láthair sa mhargadh inmheánach, agus ar na cinn a bheidh ann amach anseo, mar aon le tiomantas polaitiúil gach Ballstáit ina leith seo, agus tá iarrtha aici freisin go léireodh an Coimisiún tionscnaíocht láidir maidir le dul chun cinn a dhéanamh ionsar chuspóirí 2030 a bhaint amach.

Tá Parlaimint ar a bionda chun an margadh fuinnimh a chomhtháthú tuilleadh agus chun spriocanna uailmhianacha, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, i gcomhair laghduithe ar fhuinneamh inathnuaite, ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar gháis ceaptha teasa, a ghlacadh. I dtaca leis sin, tacaíonn an Pharlaimint le gealltanais níos láidre a thabhairt i leith féinspriocanna AE, agus cuireann sí i dtreis gur gá go dtacódh an beartas fuinnimh nua leis an gcuspóir fadtéarmach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha AE a laghdú ó 85% go 95% faoi 2050.

Tacaíonn an Pharlaimint freisin le foinsí fuinnimh agus bealaí soláthair a éagsúlú, agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá na hidirnaisc gáis agus leictreachais ar fud lár agus oirdheisceart na hEorpa ar ais thuaidh-theas ó thaobh níos mó idirnasc a chruthú, críochfoirt gáis nádúrtha leachtaithe a éagsúlú agus píblínite a fhorbairt, rud a dhéanfadh an margadh inmheánach a oscailt.

I bhfianaise spleáchas na hEorpa ar bhreoslaí iontaise a bheith ag dul i méid, ba dhíol sásaimh don Pharlaimint Plean-SET, agus ba dhearbh léi go rannchuideodh sé go mór le hinbhuanaitheacht agus slándáil an tsoláthair agus nach mbeadh déanamh dá uireasa mar le spriocanna fuinnimh agus aeráide AE do 2030 a bhaint amach. Agus an ról suntasach atá ag an taighde chun soláthar inbhuanaithe fuinnimh a áirithiú á chur i dtreis aici, leag an Pharlaimint béim ar an ngá atá le comhiarrachtaí i réimse na dteicneolaíochtaí nua fuinnimh, ó thaobh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus teicneolaíochtaí breosla iontaise in-athnuaite araon, mar aon le cistiú breise poiblí agus príobháideach chun cur chun feidhme rathúil an phlean a áirithiú.

I gcomhréir leis na cuspóirí sin, tá sé curtha in iúl ag an bParlaimint go dtacaíonn sí leis na bearta a mhol an gCoimisiún sa Phacáiste dar teideal 'Fuinnimh Glan do Mhuintir na hEorpa ar fad'^[1], sna rúin thábhachtacha seo a leanas a ghlacadh le déanaí:

- 6 Feabhra 2018: Ghlac an Pharlaimint sraith moltaí neamhreachtachta arna ndréachtú ag an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh sa Pharlaimint, a bhfuil sé mar aidhm leo borradh a chur faoin nuálaíocht

[1]<https://ec.europa.eu/energy/en/news/commission-proposes-new-rules-consumer-centred-clean-energy-transition>



fuinnimh trí rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach a fheabhsú agus trí fhís fhadtéarmach a leagan amach i dtaobh conas acmhainní a leithdháileadh^[2];

- 17 Eanáir 2018: Rinne an Pharlaimint spriocanna ceangailteacha nua a leagan síos do 2030 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid inathnuaiteán. Thacaigh na Feisirí le laghdú de 40% ar thomhaltas fuinnimh AE faoi 2030 agus le sciar de 35% ar a laghad le haghaidh foinsí inathnuaite^[3].
- 19 Nollaig 2017: Tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú sealadach maidir le foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh. Beidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit straitéiseacha fadtéarmacha a fhorbairt chun a áirithiú gur ar éigean a bheifear ag úsáid fuinnimh ar bith i bhfoirgnimh in AE faoi 2050^[4];
- 7 Nollaig 2017: D'fhormheas an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh sa Pharlaimint agus an Coiste um an gComhshaol agus an Coiste um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht sa Pharlaimint an tsraith rialacha lena rialófar an tAontas Fuinnimh^[5];
- 12 Meán Fómhair 2017: Ghlac an Pharlaimint rún reachtach maidir le rialacha comhair lena gceadaítear do thír in AE atá i ngleic le ganntanas éigeandála gáis foláireamh a thabhairt do Bhallstát eile maidir leis an ngéarchéim sholáthair atá ar tí tarlú agus cúnaimh trasteorann a spreagadh lena réiteach^[6];
- 13 Meitheamh 2017: Ghlac an Pharlaimint rún reachtach maidir le lipéid fuinnimh a shimpliú d'fhearais tí trí scála A go G a thabhairt isteach, rud a chuirfeadh ar chumas custaiméirí táirgí a roghnú lena laghdaítear a dtomhaltas fuinnimh agus a mbillí fuinnimh^[7].

An 11 Nollaig 2018, rinneadh Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide a ghlacadh sa suí iomlánach. De réir an Rialacháin, ní mór do gach Ballstát 'plean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide' a thíolacadh, ina mbeidh spriocanna náisiúnta, ranníocaíochtaí, beartais agus bearta do gach ceann de na cúig ghné den Aontas Fuinnimh: dícharbónú, éifeachtúlacht fuinnimh, slándáil fuinnimh, an margadh inmheánach fuinnimh, agus taighde, nuálaíocht agus iomaíochas.

Frédéric Gouardères / Francesca Beltrame
04/2019

[2]<http://www.europarl.europa.eu/news/ga/press-room/20180202IPR97028/clean-energy-innovation-needs-a-change-of-mind-set>

[3]<http://www.europarl.europa.eu/news/ga/press-room/20180112IPR91629/meps-set-ambitious-targets-for-cleaner-more-efficient-energy-use>

[4]<http://www.europarl.europa.eu/news/ga/press-room/20171219IPR90606/energy-efficient-buildings-provisional-agreement-ep-and-council>

[5]<http://www.europarl.europa.eu/news/ga/press-room/20171207IPR89713/energy-union-meps-adopt-their-initial-view-of-the-governance-set-up>

[6]<http://www.europarl.europa.eu/news/ga/press-room/20170908IPR83456/sharing-gas-to-ensure-gas-for-all>

[7]<http://www.europarl.europa.eu/news/ga/press-room/20170609IPR77001/simplifying-energy-labels-for-home-appliances-to-a-to-g>

